Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

27 Feabhra 2023 Uimhir 26

Traenáil an CLG - Rang 1 / Rang 2:
Mar is eol daoibh thosaigh traenáil an CLG do pháistí R1/R2 ar an Máirt an 21 lá de mhí Feabhra. Leanfaidh an traenáil ar aghaidh tar éis am scoile amárach. Is féidir leis na páistí buataisí peile nó bróga reatha a chaitheamh. Is gá go mbeadh cosaint béil ag gach páiste áfach, ní thabharfar cead dóibh páirt a ghlacadh gan é seo.
GAA Training - 1st/2nd Class:
As you are aware the GAA training began last Tuesday. Training will continue after school tomorrow. The children can wear their runners or football boots for training but they must have a mouth guard. They will not be allowed to play without a mouth guard.

Coiste na dTuismitheoirí:
1. Ranganna Gaeilge: Leanfaidh na ranganna Gaeilge do thosaitheoirí sa scoil ar aghaidh anocht ar a 8i.n.

2. Lotto:
Comhghairdeas le Sinéad Matson a bhuaigh an lotto, €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €350 anois. Go n-éirí le gach duine!

3. Meabhrúchán faoi clárú don Lá Le Padraig:
Beidh Gaelscoil Ruairí páirteach i bparáid Mhaigh Nuad ar Lá Fhéile Pádraig arís i mbliana. Ghlacamar páirt anuraidh agus bhí an-lá ag na páistí ar fad. Caitheann na páistí a n-éadaí scoile agus caitheann siad aghaidh péint agus tógann siad brathacha leo don pharáid. An téama atá ann i mbliana ná 'Miotaseolaíocht Ceilteach' agus réiteoidh an scoil na páistí don chur i láthair.
Ba bhreá linn fáil amach cé mhéad páiste a bheidh i láthair linn ar an lá. Iarraimid ar thuismitheoirí a bpáistí a chlárú tríd an nasc thíos dá mbeadh siad ar fáil le bheith linn ar an lá,

Paráid Lá Fhéile Pádraig/ St. Patrick's Day Parade

Parents Committee
1.Gaeilge Classes: The beginners Irish classes will continue in the school tonight at 8pm.

2. Lotto:
Congratulations to Sinéad Matson who won €20 and a box of chocolates on Friday! The jackpot now stands at €350. Best of luck to everyone!

Reminder Re St Patricks Day:
Gaelscoil Ruairí will be participating in the Maynooth St. Patrick's Day Parade again this year. We participated

last year and all the children had a great day. The children wear their uniforms but can wear face paint and bring little flags with them for the parade. This year's theme is 'Celtic Mythology' and the school will prepare the children for their performance.
We would like to find out how many children will be joining us at the parade this year and we are asking parents to register their child through the link below if they intend to be present on the day,

Paráid Lá Fhéile Pádraig/ St. Patrick's Day Parade

Seachtain na Gaeilge:
Mar is eol daoibh, beimid ag ceiliúradh Seachtain na Gaeilge sa scoil ó Luan an 13 Márta go dtí Déardaoin an 16 Márta. Cuirfear clár-ama breá spraiúil agus gaelach le cheile don ceithre lá sin, agus beidh an clár go léir sa Nuachtlitir an tseachtain seo chugainn. Measaimid costas €6 an páiste ar na gníomhaíochtaí éagsúla atá socraithe.

Irish Week:
As you know, we will be celebrating Irish Week in the school from Monday March 13th until Thursday March 16th. A fun and varied timetable is being put together for the four days, and the full program will be in the Newsletter next week. We estimate a cost of €6 per child for the various events organised.

Acht EPSEN:

Tá athbhreithniú reachtáil á dhéanamh ag an Roinn ar an Acht EPSEN faoi láthair. Tá an-tionchar ag an Acht seo ar scoileanna maidir leis an hacmhainní atá ar fáil do scoileanna agus do mhúinteoirí le tacú le páistí le riachtanais. Tá sé tábhachtach go mbeadh an tacaíocht cuí ar fáil ó thaobh airgeadais de, mar aon le líon cuí foirne agus na teiripeoirí cuí a bheith ar fáil freisin. Tá ceistneoir thíos agus bheimis an-bhuíoch dá líonfadh sibh isteach an ceistneoir seo. Tá sé tábhachtach go mbíonn guth ag an scoilphobail cloiste maidir leis seo.

EPSEN Act:
A review of the EPSEN act is being reviewed by the Department of Education at the moment. This act has a significant effect on our school in relation to the supports available to schools and teachers to best assist children with additional needs. It is imperative that whatever changes are brought in are well resourced financially, in relation to staff numbers and the relevant therapists available to schools. Please see a link below for a survey in relation to this. We would very much appreciate it if you could take the time to fill it out. It is important that the entire school community has a voice and is part of this review.

https://www.gov.ie/ga/comhairliuchan/comhairliuchan-athbhreithnithe-epsen/#suirbhe-ar-line